C/2024/4627

17.7.2024

Fógra d'allmhaireoirí

Carnadh réigiúnach idir an Indinéis agus Srí Lanca, i gcomhréir le hAirteagal 55(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann leis na rialacha tionscnaimh a úsáidtear chun críocha scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446

(C/2024/4627)

Tar éis iarraidh a fháil ón Indinéis agus ó Shrí Lanca maidir le tairbhe a bhaint as carnadh réigiúnach dá bhforáiltear in Airteagal 55(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([1]) (carnadh idir tíortha i ngrúpa réigiúnach I agus i ngrúpa réigiúnach III, mar a shainmhínítear in Airteagal 55(1)(a) agus (c) den Rialachán sin), chinn an Coimisiún an fhéidearthacht sin maidir le carnadh a dheonú.

I gcomhréir le hAirteagal 55(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, tá an teidlíocht sin coinníollach ar Shrí Lanca agus an Indinéis araon fanacht ina dtíortha is tairbhithe, tráth onnmhairiú an táirge chuig an Aontas, de réir bhrí Airteagal 2(d), (e) agus (f) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus go bhfuil feidhm ag na rialacha tionscnaimh a leagtar síos i bhForoinn 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

Raon feidhme

I gcomhréir le hAirteagal 55(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, tá Srí Lanca i dteideal ábhair theicstíle a liostaítear i dTábla 1 de thionscnamh na hIndinéise faoi charnadh tionscnaimh a úsáid chun na táirgí teicstíle a liostaítear i dTábla 2 a tháirgeadh agus a onnmhairiú chuig an Aontas faoi rátaí fabhracha GSP.

Tábla 1

Ábhair theicstíle de thionscnamh na hIndinéise, a fhéadfar a úsáid faoi charnadh réigiúnach, chun táirgí teicstíle a tháirgeadh i Srí Lanca (Tábla 2)

Cód CC	Tuairisc ar na hearraí
5111	Fabraicí fite olla cardáilte nó fionnaidh ainmhíoch mhín chardáilte
5112	Fabraicí fite olla cíortha nó fionnaidh ainmhíoch mhín chíortha
5113	Fabraicí fite fionnaidh ainmhíoch ghairbh nó róin
5208	Fabraicí fite cadáis a bhfuil cion 85 % nó níos mó de chadás iontu de réir meáchain, ina bhfuil meáchan nach mó ná 200 g/m^2
5209	Fabraicí fite cadáis a bhfuil cion 85 % nó níos mó de chadás iontu de réir meáchain, ina bhfuil meáchan is mó ná 200 g/m^2
5210	Fabraicí fite as cadás, a bhfuil cion is lú ná 85 % de chadás iontu de réir meáchain, arna meascadh go príomha le snáithíní de dhéantús an duine nó le snáithíní de dhéantús an duine amháin, ina bhfuil meáchan nach mó ná 200 g/m^2
5211	Fabraicí fite as cadás, a bhfuil cion is lú ná 85 % de chadás iontu de réir meáchain, arna meascadh go príomha le snáithíní de dhéantús an duine nó le snáithíní de dhéantús an duine amháin, ina bhfuil meáchan nach mó ná 200 g/m^2
5212	Fabraicí fite eile as cadás
5309	Fabraicí fite as líon
5310	Fabraicí fite siúite nó snáithíní eile cáiteoige teicstíle faoi cheannteideal 5303

([1]) IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj.
([2]) IO L 303, 31.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/978/oj.

5311	Fabraicí fite as snáithíní eile teicstíle plandúla; fabraicí fite as snáth páipéir
5408	Fabraicí fite as snáth filiméid shaorga, lena n-áirítear fabraicí fite a fhaightear ó ábhair atá faoi cheannteideal 5405
5512	Fabraicí fite as snáithíní stáplacha sintéiseacha, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 85 % nó níos mó de shnáithíní stáplacha sintéiseacha
5513	Fabraicí fite as snáithíní stáplacha sintéiseacha, ina bhfuil, de réir meáchain, cion is lú ná 85 % de shnáithíní den sórt sin, arna meascadh go príomha le cadás nó le cadás amháin, ina bhfuil meáchan nach mó ná 170 g/m^2
5514	Fabraicí fite as snáithíní stáplacha sintéiseacha, ina bhfuil, de réir meáchain, cion is lú ná 85 % de shnáithíní den sórt sin, arna meascadh go príomha le cadás nó le cadás amháin, ina bhfuil meáchan is mó ná 170 g/m^2
5515	Fabraicí fite eile as snáithíní stáplacha sintéiseacha
5516	Fabraicí fite as snáithíní stáplacha saorga
5809	Fabraicí fite as snáithe miotail agus fabraicí fite as snáth miotalaithe atá faoi cheannteideal 5605, de chineál a úsáidtear i mbaill éadaigh, amhail fabraicí troscáin nó earraí chun críoch comhchosúil, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
5810	Bróidnéireacht sa phíosa, i stiallacha nó i móitífeanna
6001	Fabraicí caitíneacha, lena n-áirítear fabraicí 'caitín fhada' agus fabraicí gibíneacha, cniotáilte nó cróiseáilte
6002	Fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte nach mó ná 30 cm ar leithead, a bhfuil cion 5 % nó níos mó de shnáth leaistiméireach nó de shnáithe rubair iontu de réir meáchain, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6001
6003	Fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte nach mó ná 30 cm ar leithead, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6001 nó 6002

Tábla 2

Táirgí teicstíle a fhéadfar a mhonarú faoi charnadh réigiúnach ó ábhair theicstíle de thionscnamh na hIndinéise (Tábla 1)

Cód CC	Tuairisc ar na hearraí
6101	Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anoraic (lena n-áirítear seaicéid sciála), cídeoga, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla d'fhir nó do bhuachaillí, iad cniotáilte nó cróiseáilte, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6103.
6102	Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anoraic (lena n-áirítear seaicéid sciála), cídeoga, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla do mhná nó do chailíní, iad cniotáilte nó cróiseáilte, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6104
6103	Cultacha, *ensembles*, seaicéid, bléasair, treabhsair, rabhlaeir beannóg is guailleán, brístí agus brístí gearra (seachas feistis snámha) d'fhir nó do bhuachaillí, cniotáilte nó cróiseáilte
6104	Cultacha, *ensembles*, seaicéid, bléasair, gúnaí, sciortaí, sciortaí roinnte, treabhsair, rabhlaer beannóg is guailleán, brístí agus brístí gearra (seachas feistis snámha) do mhná nó do chailíní, cniotáilte nó cróiseáilte
6105	Léinte d'fhir nó do bhuachaillí, cniotáilte nó cróiseáilte
6106	Blúsanna, léinte agus blúsléinte do mhná nó do chailíní, cniotáilte nó cróiseáilte.
6107	Fobhrístí, brístíní, léinte oíche, pitseámaí, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh chomhchosúla d'fhir nó do bhuachaillí, cniotáilte nó cróiseáilte
6108	Foghúnaí, peireacóit, brístíní, mionbhrístíní, léinte oíche, pitseámaí, *négligées*, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh chomhchosúla do mhná nó do chailíní, cniotáilte nó cróiseáilte
6109	T-léinte, singléid agus veisteanna eile, cniotáilte nó cróiseáilte
6110	Geansaithe, forionair, cairdeagain, bástchótaí agus earraí comhchosúla, iad cniotáilte nó cróiseáilte (+)

6111	Baill éadaigh do bhabaithe agus gabhálais éadaigh do bhabaithe, iad cniotáilte nó cróiseáilte
6112	Cultacha spóirt, cultacha sciála agus feistis snámha, cniotáilte nó cróiseáilte
6113	Baill éadaigh, rédhéanta as fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte atá faoi cheannteidil 5903, 5906 nó 5907
6114	Baill éadaigh eile, cniotáilte nó cróiseáilte
6115	Riteoga, stocaí, gearrstocaí agus góiséireacht eile, lena n-áirítear góiséireacht chomhbhrú ghrádaithe (mar shampla stocaí i gcomhair féitheacha borrtha) agus coisbheart gan boinn a bheith curtha leo, cniotáilte nó cróiseáilte
6116	Lámhainní, mitíní agus miotóga, cniotáilte nó cróiseáilte
6117	Gabhálais eile éadaigh rédhéanta, iad cniotáilte nó cróiseáilte; codanna cniotáilte nó cróiseáilte de bhaill éadaigh nó de ghabhálais éadaigh
6201	Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anoraic (lena n-áirítear seaicéid sciála), cídeoga, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla d'fhir nó do bhuachaillí, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6203
6202	Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anoraic (lena n-áirítear seaicéid sciála), cídeoga, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla do mhná nó do chailíní, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6204
6203	Cultacha, *ensembles*, seaicéid, bléasair, treabhsair, rabhlaer beannóg is guailleán, brístí agus brístí sciota (seachas feistis snámha) d'fhir nó do bhuachaillí
6204	Cultacha, *ensembles*, seaicéid, bléasair, gúnaí, sciortaí, sciortaí roinnte, treabhsair, rabhlaer beannóg is guailleán, brístí agus brístí gearra (seachas feistis snámha) do mhná nó do chailíní.
6205	Léinte d'fhir nó do bhuachaillí.
6206	Blúsanna, léinte agus blúsléinte do mhná nó do chailíní
6207	Fobhrístí, brístíní, léinte oíche, pitseámaí, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh chomhchosúla d'fhir nó do bhuachaillí
6208	Singléid agus veisteanna eile, foghúnaí, peireacóit, brístíní, mionbhrístíní, gúnaí oíche, pitseámaí, *négligées*, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh chomhchosúla do mhná nó do chailíní
6209	Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh do bhabaithe.
6210	Baill éadaigh, rédhéanta as fabraicí atá faoi cheannteideal 5602, 5603, 5906 nó 5907
6211	Cultacha spóirt, cultacha sciála agus feistis snámha; baill éadaigh eile
6212	Cíochbheart, sursaingí, cóirséid, guailleáin, crochóga, gairtéir agus baill éadaigh chomhchosúla agus codanna díobh, bídís cniotáilte nó cróiseáilte nó ná bídís
6213	Ciarsúir
6214	Seálta, scaifeanna, muifléid, maintillí, caillí agus a leithéidí
6215	Carbhait, carbhait chuachóige agus carbhait mhuiníl
6216	Lámhainní, agus mitíní agus miotóga
6217	Gabhálais éadaigh rédhéanta eile; codanna de bhaill éadaigh nó de ghabhálais éadaigh, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6212.
6301	Pluideanna agus rugaí taistil
6302	Éadaí leapa, línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine
6303	Cuirtíní (lena n-áirítear scaraoidí) agus dallóga intí; sciortaí cuirtíní nó sciortaí leapa
6304	Earraí fearastaithe eile, gan iad sin atá faoi cheannteideal 9404 a áireamh
6307	Earraí rédhéanta eile, lena n-áirítear patrúin do ghúnaí

Ráitis maidir le tionscnamh

Beidh an tagairt 'Regional cumulation with Indonesia' nó 'Cumul régional avec Indonésie' nó 'Acumulación regional con Indonesia' ar ráitis maidir le tionscnamh arna ndéanamh ag onnmhaireoirí i Srí Lanca maidir le táirgí dá dtagraítear i dTábla 2, in áit an chritéir maidir le tionscnamh in Iarscríbhinn 22-07 a ghabhann leRialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([3]).

Cur i bhfeidhm

Ná táirgí a mhonaraítear i Srí Lanca agus carnadh réigiúnach á chur i bhfeidhm faoi réir an fhógra seo, tairbheoidh siad de scéim GSP a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 nuair a allmhairítear isteach san Aontas iad ón 8 Lúnasa 2024 agus go dtí an dáta a scoirfidh an scéim GSP atá ann faoi láthair d'fheidhm a bheith aici i gcomhréir le hAirteagal 43(3) den Rialachán sin.

([3]) IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj.